



Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Plean ceachta scríofa litreach

Cuspóir

Litir a dhearadh agus a scríobh chuig an chéad aire le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le taisteal chun na scoile ar rothar.

Achlmre ar an ghíomhaíocht

Abair leis an rang a phlé cad chuige a bhfuil sé tábhachtach dul chun na scoile ar rothar nó ar scútar; cad iad na buntáistí dearfacha a fhéadfaidh a bheith acu má théann siad chun na scoile an dóigh seo e.g. sláinte, caighdeán aeir agus comhshaol níos fearr.

Taispeáin dóibh samplaí de litreacha eile a scríobh páistí chuig an chéad aire.

Taispeáin an pleanálaí litreach leis na daltaí. Úsáid é mar threoir le tacú le daltaí agus iad ag pleanáil a litreach. Más gá, is féidir le daltaí an teimpléad litreach a úsáid chomh maith, nó go díreach pictiúr a tharraingt.

Comhaontaigh leis an rang nó le daltaí aonair cad é a fhéadfaidh a bheith mar phríomhtheachtaireacht.

Cruthaíonn daltaí a litir ina n-aonar nó roghnaíonn siad duine amháin lena scríobh thar ceann an ranga.

Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanais a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buachan! Téigh go dtí www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek le tuilleadh a fháil amach.



Am atá de dhíth:

30 bomaite



Acmhainní de dhíth:

Pleanálaí litreach do gach dalta

Teimpléad litreach do gach dalta (roghnach)



**Gníomhaíocht aonair/
grúpa:**

Ceachtar acu



Nasc curaclaim:

Teanga agus Litearthacht.
Cumarsáid





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Pleanálaí póstaeir

1. Príomhtheachtairacht

cad é atá tú ag iarraidh a insint
don chéad aire?

2. Teachtairachtaí eile

cad é eile a bhfuil sé tábhachtach
scríobh faoi?

3. Fíricí

cad iad na fíricí spéisiúla atá tú ag
iarraidh a chomhroinnt?

4. Pictiúir

d'fhéadfá pictiúr a tharraing tú a chur
le do litir?

_____, a chara,

Is mise _____.

Ba mhaith liom a fháil amach cad é
atá beartaithe agat a dhéanamh faoi

_____.

Tá an cheist seo tábhachtach dom mar

_____.

Sílim gur cheart duit _____.

Is mise le meas _____.



Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Rothaíocht agus mo chorp

Cuspóir

A fhiosrú cad é mar a oibríonn an croí agus na tionchair a imríonn rothaíocht ar an chorp.

Achoimre ar an ghníomhaíocht

Cuir i láthair an ghníomhaíocht foghlama, ag úsáid an tsleamhnáin powerpoint agus an físeán seo ó BBC Bitesize.

Cuir i láthair an ghníomhaíocht lipéadaithe 'Mo chorp' (grúpaí/duine aonair). (Is féidir an íomhá a thaispeáint le powerpoint chomh maith).

Lean ar aghaidh go dtí an ghníomhaíocht 'Rothaíocht agus an corp' nuair a bheidh siad réidh, ag fiosú cad é mar a oibríonn an corp agus tú ag rothaíocht.

Úsáid 'Bileog fíricí fán chroí ag bualadh le heolas níos doimhne a thabhairt faoi oibriú an chroí.

Obair bhreise

Leis an fhoghlaim seo a dhéanamh gníomhach, thig le daltaí tarraingt thart ar a chéile ar leathanaigh mhóra pháipéir ar an urlár, ansin iad a ghreamú den bhalla agus lipéid a chur ar a gcorp féin.

Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanais a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buachan! Téigh go dtí www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek le tuilleadh a fháil amach.



Am atá de dhíth:

30 bomaite



Acmhainní atá de dhíth:

Físeán sleamhnáin powerpoint

Gníomhaíocht lipéadaithe an choirp dhaonna (ceann amháin an dalta)

Leathanach plé, Rothaíocht agus an corp (ceann amháin an dalta)

Leathanach fíricí fán chroí ag bualadh



Gníomhaíocht aonair/ grúpa:

An dá rud



Naisc churaclaim

Tuiscint phearsanta agus sláinte





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

An corp daonna

Tarraing líne ón lipéad go dtí an pháirt cheart den chorp

Méara

Croí

Caol na láimhe

Glúin

Lámh

Cromán

Scámhóga

Uillinn

Inchinn

Féitheacha

Rúitín

Caithfidh muid aire a thabhairt dár gcorp, tá sé iontach luachmhar. Lena choinneáil ag obair chomh maith agus is féidir, caithfidh muid a bheith aclaí agus folláin

Amharc ar an íomhá agus léigh na ceisteanna, tarraing ciorcal timpeall ar na freagraí cearta. Is féidir go bhfuil níos mó ná ceann amháin ann

Cén gníomh atá na méara a dhéanamh?

- Coinníonn siad Buailleann siad
- greim Cnagann siad
- Fáisceann siad

Is iad ailt an rúitín agus ailt na gcos a chuireann na troitheáin thart. Cad é a dhéanann na cosa?

- Léimeann siad Brúnn siad
- Brúnn siad síos Sleamhnaíonn siad

Cad é a thiocfadh leis an cheann a bheith a dhéanamh nuair a bhíonn tú ag rothaíocht?

- Amharcann sé Amharcann sé ar chun cinn dheis
- Amharcann sé ar Amharcann sé chlé síos

Cad é a dhéanann alt na glúine nuair a bhíonn tú ag rothaíocht?

- Coinníonn sé an chos díreach
- Lúbann sé

Cad iad na codanna den chorp a bhogann tú suas agus síos nuair a bhíonn tú ag rothaíocht?

- Ceann Cosa
- Cosa Uillinneacha




Bíonn cuid mhór páirteanna dár gcorp iontach gníomhach nuair atá muid ag rothaíocht! Cuidíonn seo linn a bheith aclaí agus folláin.



Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Fíricí fán chroí ag bualadh

Is iad an croí, an fhuil agus na fuileadáin an córas imshruthaithe. Seo córas seachadta do choirp.



Cad é a dhéanann an córas seo?

Tá córas imshruthaithe an choirp freagrach as ábhair a iompar ar fud an choirp.

Tá sé cosúil le córas bóithre taobh istigh de do chorp atá fud fad do choirp go léir ag nascadh cillíní uile do choirp.

Seachadann sé cothaithe, uisce agus ocsaigín go dtí na milliúin cillín agus iompraíonn sé ar shiúl ábhair dhramhaíola mar dhé-ocsaíd charbóin a tháirgeann an corp.

Ag lár an chórais seo tá an croí – orgán iontach.

Is meatán é do chroí, agus cosúil le meatáin eile sa chorp, má tá tú ag iarraidh go mbeidh sé mór agus láidir caithfidh tú é a úsáid agus é a oibriú.

Nuair a théann tú ag rothaíocht úsáideann tú a lán meatán agus tá ocsaigín de dhí ar na

meatáin seo le feidhmiú go maith.

Imríonn do chroí ról tábhachtach maidir le bheith folláin. Tá de chúram aige an fhuil a bhrú agus é a choinneáil ag bogadh timpeall an choirp.

Nuair a anáilann tú ocsaigín isteach is é an fhuil a chuidíonn leis an ocsaigín bogadh timpeall do choirp. Buailéann an croí timpeall 3 bhilliún uair le linn gnáth-shaolré.

Tá an croí i lár an uchta, beagán ar chlé.

Nuair a dhéanann tú aclaíocht is féidir leat do chuisle a mhothú, insíonn sí duit cé chomh gasta is atá do chroí ag bualadh. Do ráta croí a thugtar air seo.



Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Cad iad na gnáthábhair as a ndéantar rothair, agus cad chuige?

Cuspóir

An raon gnáthábhar a úsáidtear ar rothair a fhiosrú.

Achoimre ar an ghníomhaíocht

Úsáideann daltaí an bhileog fiosrúcháin Gnáthábhair lena mbreathnóireachtaí a aithint agus a thaifeadh, agus le hairíonna na n-ábhar seo a phlé.

Úsáid fíor-rothar nó an íomhá ar Cad chuige a bhfuil mo rothar déanta as seo? Bileog bhleachtaireachta, pléann agus comhroinneann daltaí smaointe cad chuige a bhfuil páirteanna de rothair déanta as ábhair éagsúla (miotail/rubair/plaisteach/éadach/leathar).

Obair bhreise

Leis an fhoghlaim seo a dhéanamh gníomhach, spreag na daltaí le siúl thart sa tseomra ranga nó i dtimpeallacht na scoile, ag aithint gnáthábhair éagsúla a ainmnítear ar a leathanach fiosrúcháin.

Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanais a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buachan! Téigh go dtí www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek le tuilleadh a fháil amach.



Am atá de dhíth

20 bomaite



Acmhainní atá de dhíth:

Bileog fiosrúcháin, gnáthábhair (ceann amháin an dalta/grúpa)

Rothar (más féidir), nó úsáid an íomhá ar Cad chuige a bhfuil mo rothar déanta as seo? Bileog bhleachtaireachta (ceann amháin an dalta/grúpa)



Gníomhaíocht aonair nó grúpa:

Grúpa



Naisc churaclaim:

Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Bileog fiosrúcháin, gnáthábhair

Scríobh faoi gach pictiúr an t-ábhar a bhfuil gac rud déanta as.



Úsáid fíor-rothar nó an íomhá ar Cad chuige a bhfuil mo rothar déanta as seo? Bileog bhleachtairreachta

Lipéadaigh an rothar agus scríobh síos an t-ábhar a bhfuil sé déanta as ó na línte a chuirtear ar fáil

Páirt rothair: _____

Ábhair: _____

Páirt rothair: _____

Ábhair: _____

Páirt rothair: _____

Ábhair: _____

Páirt rothair: _____


Ábhair: _____

Páirt rothair: _____

Ábhair: _____

Páirt rothair: _____

Ábhair: _____



Cloigín

Diallait

Hanlaí

Troitheán

Spócaí

Bonn



Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Rothaíocht i mo phobal áitiúil

Cuspóir

Taighde a dhéanamh ar an phobal áitiúil agus deiseanna a fhiosrú le rothaíocht a dhéanamh agus bealaí a phleanáil.

Achoimre ar an ghníomhaíocht

Plé a éascú faoin cheantar áitiúil, nó dul amach fá choinne siúlóide go háitiúil le taighde a dhéanamh ar an cheantar. Use Leid an mhúinteora más gá. Thig le daltaí a dtaighde a thaifeadh ar a mbileog taifeadta fíricí.

Thig le daltaí léarscáileanna a úsáid le haistear féideartha rothair a chruthú, ag tosú ón scoil le bealach timpeall an cheantair áitiúil. Tosaigh leis na gnéithe ón bhileog fíricí a fhéadfaidh na daltaí a bheith ag iarraidh a fheiceáil ar an aistear. Cad é eile a fhéadfar a fheiceáil ar an bhealach?

Thig le daltaí a dtaifead fíricí a úsáid le cuidiú leo a mbealach a tharraingt nó léarscáil a chruthú dá n-aistear.

Thig le daltaí a bplean a chomhroinnt agus cur síos ar a n-aistear do chomhpháirtí. An bhfuil aon áit ar an aistear nach bhféadfá dul ann i ngluaisteán?

Obair bhreise

Leis an fhoghlaim seo a dhéanamh níos gníomhaí, thig le daltaí tabhairt faoin ghníomhaíocht aimsithe fíricí ar shiúlóid foghlama timpeall an cheantair áitiúil.

Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanais a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buachan! Téigh go dtí www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek le tuilleadh a fháil amach.



Am atá de dhíth

30 bomaite



Acmhainní atá de dhíth:

Mo scoil agus mo cheantar áitiúil. Use Leid an mhúinteora más gá

Mo scoil agus mo cheantar áitiúil. Taifead fíricí (ceann amháin an dalta)

Léarscáil den cheantar áitiúil agus/nó tailte na scoile má tá sin ar fáil

Grianghraif den cheantar áitiúil nó acmhainní gaolmhara do na daltaí le húsáid



Gníomhaíocht aonair nó grúpa:

Grúpa



Naisc churaclaim:

An saol thart orainn





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Mo scoil agus mo cheantar áitiúil – leid an mhúinteora

Thig le daltaí an bhileog taifeadtha fíricí a úsáid leis an fhaisnéis a nótáil

Cad é an t-ainm atá ar an áit ina bhfuil ár scoil?

Cad é an t-ainm atá ar an tsráid ar a bhfuil ár scoil agus cad iad na háiteanna eile atá cóngarach di?

An bhfuil an scoil i sráidbhaile, baile, fobhaile nó páirt de chathair?

Cad iad na cineálacha foirgnimh atá cóngarach dár scoil nó sa phobal?

Cad é dó a n-úsáidtear iad?

Cén cineál nó cad iad na cineálacha cloiche nó bríce a úsáidtear d'fhoirgnimh cóngarach dár scoil, cén dath nó cad iad na dathanna atá orthu?

An bhfuil aon spásanna glasa inár bpobal?

Cad é dó a n-úsáidtear iad? An mbeadh aon cheann acu fóirsteanach don rothaíocht?

An bhfuil aon séadchomharthaí áitiúla ann (eaglais, ionad pobail, séadchomhartha, foirgneamh stairiúil, droichead)?

Cén stair a bhaineann le cuid de na háiteanna inár bpobal? Cén áit a bhféadfaimis an t-eolas seo a aimsiú?

Cad iad na cineálacha modhanna iompair a fheicimid inár bpobal?

Cad iad na naisc iompair inár bpobal agus cad é mar a fhéadfaimis a fháil amach fúthu?

An raibh aon duine ag rothaíocht sa cheantar, nó an bhfaca aon duine daoine eile ag rothaíocht? Cén áit a raibh sin?

Cad é a fhéadfaidh sinn a stopadh ó bheith ag rothaíocht áit éigin inár bpobal?

Dá mbeifeá ag rothaíocht inár bpobal cad iad na trí áit ar mhaith leat cuairt a thabhairt orthu nó rothaíocht tharstu? (Is féidir na trí áit seo a thaifeadadh ar an taifead fíricí chomh maith, le cuidiú le planáil bealaí).

Taifead fíricí, Mo scoil agus mo cheantar áitiúil

Cad é seoladh ár scoile?

Cén cineál nó cad iad na cineálacha cloiche nó bríce a úsáidtear d'fhoirgnimh cóngarach dár scoil, cén dath nó cad iad na dathanna atá orthu?

Cén áit a bhféadfaimis rotháocht a dhéanamh go sábháilte i spás oscailte inár bpobal (páirc, coill, ionad pobail)?

Cad iad na sainchomharthaí inár bpobal?

Tarraing nó greamaigh pictiúr den scoil anseo

Cén áit a raibh tú ag rotháocht, nó a bhfaca tú daoine eile ag rotháocht inár bpobal?


Dá mbeifeá ag rotháocht inár bpobal cad iad na trí áit ar mhaith leat cuairt a thabhairt orthu nó rotháocht tharstu?

1. _____
2. _____
3. _____

Aimseoidh muid iad seo ar léarscáil go bhfeicfidh muid an féidir linn aistear rothair a chruthú a théann thar na trí áit go léir go sábháilte.

Mo phleanálaí aistir rothaíochta

Tarraing léarscáil ina bhfuil na trí áit a bhfuil tú ag iarraidh dul ag rothaíocht tharstu





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Cineál talaimh, aimsir, rothaíocht, mionsamhail a dhéanamh

Cuspóir

Sainaithin príomhghnéithe de chineálacha éagsúla talaimh ar fud an domhain.

Achoimre ar an ghníomhaíocht

Cuir i láthair an ghníomhaíocht agus taispeáin na cineálacha talaimh, an aimsir agus an rothaíocht. Bileog fiosrúcháin.

Cuir ar a gcumas do na daltaí a smaointe agus a mothúcháin a chomhroinnt fán chineál talaimh agus fán aimsir sna hÍomhanna.

Roghnaíonn daltaí áit amháin, pleanálann siad agus cruthaíonn siad mionsamhail.

Obair bhreise

Leis an fhoghlaim seo a dhéanamh gníomhach, is féidir daltaí a spreagadh a léiriú cad é an chuma a bheadh ar bheith ag rothaíocht trí na tírdhreacha éagsúla, le tacú lena bplé. Thioctadh leis na daltaí na gníomhartha a mhímeáil agus thig le daltaí eile a thomhas cén tírdhreach a bhfuil siad ag rothaíocht tríd.

Arna spreagadh ag:

Iontaobhas na hInrothaíochta a thugann an acmhainn foghlama seo duit. Má tá tú ag glacadh páirte i Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile ón 25 go 29 Meán Fómhair 2023, ná déan dearmad gealltanais a dhéanamh leo le go mbeidh deis agat buchan! Téigh go dtí

www.bikeability.org.uk/cycletoschoolweek le tuilleadh a fháil amach.



Am atá de dhíth:

30 bomaite



Acmhainní atá de dhíth:

Cineálacha talaimh, an aimsir agus an rothaíocht. Bileog fiosrúcháin (ceann amháin an dalta/grúpa)

Acmhainní éagsúla ealaíne atá fóirsteanach le cineálacha talaimh a chruthú i.e. sífiní páipéir, réiteoirí píopa, cárta, marla



Gníomhaíocht aonair nó grúpa:

An dá rud



Naisc churaclaim:

Ealaín agus dearadh





Seachtain na Rothaíochta chun na Scoile

Bileog fiosrúcháin, Cineálacha talaimh, an aimsir agus an rothaíocht.

Thig le daltaí an bhileog taifeadtha fíricí a úsáid leis an fhaisnéis a nótaíl



Plé an méid is féidir leat a fheiceáil i ngach pictiúr: an áit, an aimsir agus an rothaí.

Cad é mar a bheadh an talamh (smaoinigh ar an dóigh a bhféadfadh an aimsir difear a dhéanamh don talamh)? Cad é mar a mhothódh sé a bheith ag rothaíocht ansin? An obair chrua a bheadh ann, nó an mbeadh sé furasta, a bheith ag rothaíocht ar na tailte seo? Cad é a bheadh ort a dhéanamh le do chorp le go mbeifeá ábalta rothaíocht a dhéanamh sa tírdhreach seo?

Cad iad na cineálacha foirgnimh agus suíomhanna a fhéadfá a fheiceáil ansin? Pléigh an síleann tú go bhfuil an chuma air go bhfuil sé an-te, fuar nó measartha te? Amharc ar an aimsir, cad iad na héadaí a bheadh ort a chaitheamh le bheith ag rothaíocht go compordach agus cad chuige?

Cruthaigh mionsamhail de na háiteanna seo.

Mionsamhail a dhéanamh

Mionsamhail d'íoglu a chruthú

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Cnapanna siúcra
- Réoán bán
- Bonn cairtchláir
- Píosa beag cárta do dhíon an íoglu

Céim 1. Tarraing ciorcal ar do bhonn cárta. Timpeall 18 cm ar trastomhas.

Céim 2. Cuir sraith de chnapanna siúcra timpeall an chiorcail. Úsáid reoán bán ar an bhun le hiad a ghreamú den bhonn. Cuir spás beag idir na cnapanna siúcra ionas nach bhfuil siad ag baint dá chéile. Fág bearna ar thaobh amháin don bhealach isteach.

Céim 3. Cruthaigh an dara sraith de chnapanna siúcra ar an bharr, ag úsáid an reoáin le hiad a ghreamadh den chéad sraith. Cuir na cnapanna sa dara sraith os cionn na spásanna idir na cnapanna sa chéad sraith. Cuimhnigh agus an bhearna a fhágáil don bhealach isteach.

Céim 4. Lean ar aghaidh ag déanamh sraitheanna de chnapanna, á ncreamú le chéile le reoán go dtí go bhfuil cúig shraith ann. Cuir an séú sraith de chnapanna siúcra, ag clúdach go fóill na spásanna idir na cnapanna sa chúigiú sraith, agus ag bogadh na gcnapanna giota beag i dtreo an láir. Tosóidh seo ag cruthú chruinneachán an dín, ag greamú na gcnapanna in áit leis an reoán. An iarraidh seo ná fág bearna. Úsáid reoán ar thaobh na gcnapanna leis an bhearna seo a chlúdach.

Céim 5. Dén seo trí iarraidh eile le trí shraith eile de chnapanna siúcra a dhéanamh.

Céim 6. Gearr píosa cairtchláir an méid céanna leis an pholl sa bharr agus greamaigh é ar an phobal leis an reoán, clúdaigh é le tuilleadh reoán chun é a chríochnú. Úsáid olann chadáis le sneachta a chruthú timpeall ar an íoglu.

Mionsamhail de phirimid a chruthú

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Cairtchlár
- Gaineamh
- Gliú
- Pinn

Céim 1. Gearr amach bonn cearnógach cárta (35 cm) agus ceithre thriantán, a bhfuil bonn 20 cm orthu, agus imeall amuigh atá 30 cm ar airde.

Céim 2. Greamaigh na ceithre thriantán le chéile leis an phirimid a dhéanamh, agus ansin greamaigh den bhonn chearnógach é

Tarraing línte beaga ar an phirimid le cruthanna cloiche a chruthú.

Clúdaigh an pirimid le beagán gliú agus croith gaineamh air. De rogha air sein, thig leat na triantáin a dhéanamh as páipéar gainimh.

Mionsamhail d'fhoraois bháistí a chruthú

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Bosca bróg
- Páipéar síoda
- Cairtchlár
- Pinn nó péint
- Sreang
- Siosúr
- Gliú
- Duilleoga/caonach

Céim 1. Bain an clár agus cuir an bosca ina sheasamh ar an taobh ghairid de. Bain ar shiúl an taobh den bhosca ar an bharr, ionas go bhfuil an barr oscailte.

Céim 2. Péinteáil taobh istigh den bhosca i ndathanna foraoise báistí nó úsáid éadach nó íomhána ó irisleabhar. Cruthaigh crainn ar mhéideanna difriúla ag úsáid rollaí cárta, cuir gnéithe d'fhoraois bháistí, fréamhacha, craobhacha, a lán duilleog. Cuir lianaí (féithleog fhada adhmadaich atá fréamhaithe san ithir ag leibhéal an talaimh, agus a úsáideann crainn, agus tacaí inearánacha eile, le dreapadh suas go dtí an ceannbhrat le spásanna den fhorais a bhfuil solas maith iontu a aimsiú) agus greamaigh iad timpeall na gcrann ón talamh aníos, le holann nó sreang.

Céim 3. Úsáid caonach de dhuilleoga éanta as pháipéar síoda glas agus donn le bonn na foraoise báistí a chruthú

Céim 4. Cuir roinnt ainmhithe foraoise báistí isteach chomh maith más mian leat: macá, iaguair, nathracha!

Cruthaigh mionsamhail de shráid faoin fhearthainn

Na rudaí a bheidh de dhíth ort:

- Bonn cairtchláir
- Boscaí cairtchláir (méideanna difriúla)
- Gliú
- Aon ábhair athchúrsála
- Pinn nó péint
- Scragall

Céim 1. Pleanáil agus tarraing bóithre ar bhonn cairtchláir. Dathaigh iad seo, cruthaigh marcanna ar an bhóthar más mian leat. Úsáid scragall le slodáin uisce a chruthú, lena thaispeáint gur timpeallacht fearthainne atá ann.

Céim 2. Cruthaigh foirgnimh as cairtchlár agus boscaí agus cuir ar feadh na mbóithre iad. Bí cruthaitheach leis na cineálacha foirgnimh a d'fhéadfá a fheiceáil. Má tá tú ag athchruthú fíoraite, roghnaigh sainchomharthaí so-aitheanta le cruthú.

Céim 3. Dathaigh iad seo agus taispeáin an baile/an chathair atá cruthaithe agat.